Organic

School Gardening Resources

PRIMARY LEVEL

BORD BIA
IRISH FOOD BOARD

# Garraíodóireachta Uirbeacha

## Spásanna beaga

SUITABLE FOR ALL CLASSES

ALL

| | | |
|---|---|---|
| **Am na Bliana** | \| | Is féidir é seo a dhéanamh am ar bith den bhliain (Meán Fómhair go Márta más féidir). |
| **Aidhm** | \| | Glasraí a fhás i spásanna beaga nuair nach bhfuil féar ná spás beag ann do ghairdín níos mó. |
| **Cross Curriculum Relevance** | \| | **SESE:** Dúile beo, feasacht & cúram comhshaoil<br>**Mata:** Tomhas, comhaireamh, meastachán, taifeadadh, foghlaim ghníomhach<br>**Litearthacht:** Scríbhneoireacht, litriú<br>**Ealaín:** Ag déanamh comharthaí, coimeádáin phéinteála<br>**Curaclam Neamhfhoirmiúil:** Food Dudes, Bia Sláintiúil, Discover Primary Science |

## 1 Nótaí

- D'fhéadfadh limistéir choincréite a bheith níos foscúla agus níos teo agus mar sin is féidir leo cineálacha plandaí níos coimhthíocha a fhás.
- * Beidh níos mó cúraim agus níos mó uisce ag teastáil ó phlandaí a fhástar i gcoimeádáin.



## 2 Smaointe do thionscadail ghairdín

- Ceapóga ardaithe
- Bláthchiseáin chrochta
- Ballaí beo
- Potaí agus coimeádáin (bairillí, folcadáin, drumaí meaisín níocháin, buataisí srl)
- Gairdíní dín
- Gaothráin chrann torthaí agus crainn le balla (i gcoinne ballaí)
- Plandaí crochta agus plandaí dreaptha

BORD BIA
IRISH FOOD BOARD





# 3 Tionscadail shamplacha

## Ceapóg Ardaithe

- Féach bileog tacaíochta cheapóg ardaithe le haghaidh sonraí.
- Déan cinnte go bhfuil doimhneacht na ceapóige ardaithe 225mm le haghaidh coinneáil uisce domhain maith agus forbairt fréimhe.

## Prátaí i mboinn

**Acmhainní:**

Boinn, 3 phrátaí síl, múirín/ithir, uisce

**Modh**

- Cuir bonn amháin ar an talamh agus líon le múirín/hithir.
- Cuir na prátaí síl isteach sa bhonn.
- Nuair a thosaíonn duilleoga ag taispeáint, cuir bonn eile leis agus clúdaigh le níos mó ithrigh / múirín.
- Lean ort ag cur boinn leis i rith an tséasúir fáis agus an fhómhair nuair a fhaigheann bairr an phlanda bás.

### Sláinte agus Sábháilteacht

- Cinntigh go bhfanann gach dalta laistigh den ghrúpa.
- Bain úsáid as uirlisí go sábháilte.
- Cinntigh go níonn daltaí a lámha tar éis seisiún garraíodóireachta.
- Féach ar an mbileog oibre ar Shláinte & Shábháilteacht chun faisnéis mhionsonraithe a fháil.

## Leitís agus Bosca Fuinneoige Bláthanna

**Acmhainní**

Bosca fuinneoige nó coimeádán, síolta leitís, síolta bláthanna, múirín / ithir, uisce.

**Modh**

- Líon coimeádán le hithir/múirín.
- Cuir na síolta go díreach isteach san ithir nó i bpotaí agus trasphlandáil isteach sa choimeádán nuair a fhástar iad.
- Cuir lipéid ar na síolta ar fad.
- Bain an leitís nuair a bhíonn sé réidh agus ith.
- Bain bláthanna marbha chun am bláthanna a uasmhéadú.

BORD BIA
IRISH FOOD BOARD

## Crann Úll i gCoinne Balla

**Acmhainní**

Spás balla, crann úll, múirín / aoileach, ithir, uisce, tairní saoirseachta agus sreangán nó sreanga.

**Modh**

- Gearr poll tríd an gcoincréit mór go leor chun an crann a chur nó poll 50mm a dhruileáil sa choincréit agus ceapóg ardaithe a dhéanamh (féach thuas) chun an crann a chur isteach.
- Poll a thochailt agus aoileach/ múirín a chur leis.
- Cuir an crann agus uiscigh.
- De réir mar a fhásann an crann, bearr i i gcruth gaothráin ionas go leagfaidh na craobhacha cothrom in aghaidh an bhalla.
- Ceangail siar na craobhacha agus iad ag fás.





# 4 Smaointe do thionscadail taighde

**Mata** - An gairdín a thomhas agus a phleanáil agus léarscáil a tharraingt, méid an choimeádáin a thomhas agus méid na hithreach a theastaíonn a oibriú amach.

**OSIE** - Taighde a dhéanamh ar phlandaí agus miocaráid na Meánmhara.

**Ealaín** - Déan coimeádáin a mhaisiú, déan lipéid agus comharthaí do phlandaí, agus taispeántas agus plean a dhéanamh den ghairdín.

**Chun tuilleadh eolais a fháil**

**Cultivate Centre:** www.cultivate.ie

**Focail Taighde:** CRANN LE BALLA, GAOTHRÁN